GA

CEARTÚCHÁN

GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE

EPSO/CAST/P/1/2017	**Airgeadas**	**FG III**
EPSO/CAST/P/2/2017	**Airgeadas**	**FG IV**
EPSO/CAST/P/3/2017	**Bainistiú clár agus tionscadal**	**FGIII**
EPSO/CAST/P/4/2017	**Bainistiú clár agus tionscadal**	**FGIV**
EPSO/CAST/P/5/2017	**Airgeadas**	**FG II**
EPSO/CAST/P/6/2017	**Rúnaithe / Cléirigh**	**FG II**
EPSO/CAST/P/7/2017	**Riarachán / Acmhainní daonna**	**FG II**
EPSO/CAST/P/8/2017	**Riarachán / Acmhainní daonna**	**FGIII**
EPSO/CAST/P/9/2017	**Riarachán / Acmhainní daonna**	**FGIV**
EPSO/CAST/P/10/2017	**Cumarsáid**	**FGIII**
EPSO/CAST/P/11/2017	**Cumarsáid**	**FGIV**
EPSO/CAST/P/12/2017	**Gnóthaí polaitíochta / Beartais an Aontais Eorpaigh**	**FGIII**
EPSO/CAST/P/13/2017	**Gnóthaí polaitíochta / Beartais an Aontais Eorpaigh**	**FGIV**
EPSO/CAST/P/14/2017	**Dlí**	**FGIII**
EPSO/CAST/P/15/2017	**Dlí**	**FGIV**
EPSO/CAST/P/16/2017	**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**	**FGIII**
EPSO/CAST/P/17/2017	**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**	**FGIV**

Leathanach 4

in ionad:

Má éiríonn na trialacha leat, beidh na torthaí bailí go ceann tréimhse áirithe ionas nach mbeidh ort na trialacha sin a dhéanamh arís. Maidir le bailíocht na dtorthaí:

- má éiríonn na trialacha réasúnaíochta leat, beidh na torthaí bailí go ceann 10 mbliana i gcás na ngrúpaí feidhme céanna nó grúpaí feidhme is ísle.

- má éiríonn an triail inniúlachtaí leat, beidh na torthaí bailí go ceann 5 bliana i gcás na ngrúpaí feidhme céanna nó grúpaí feidhme is ísle.

Mura n-éirí na trialacha leat, beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt duit an triail don ghrúpa feidhme céanna nó do ghrúpa feidhme níos airde sa phróifíl chéanna a dhéanamh arís go ceann 6 mhí.

- Má theipeann ort sa triail inniúlachtaí, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt duit an triail a bhaineann leis an nFGcéanna nó i nFGníos airde go ceann 6 mhí. Leanfaidh na torthaí a ghnóthaigh tú sna trialacha réasúnaíochta de bheith bailí (féach thuas).

Chun na trialacha réasúnaíochta a phasáil, ní mór duit an pasmharc a ghnóthú sa réasúnaíocht bhriathartha agus san réasúnaíocht uimhriúil agus theibí le chéile. Ní mharcálfar an triail inniúlachtaí ach amháin má éiríonn na trialacha réasúnaíochta leat.

Ní gá gurb ionann an tréimhse 6 mhí a bheith istigh agus ceart a bheith agat na trialacha a dhéanamh arís. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh duit na trialacha a dhéanamh, má réamhroghnaíonn na seirbhísí earcaíochta thú don fholúntas sin nó d'fholúntas eile, agus sa chás sin amháin.

léitear:

Má éiríonn na trialacha leat, beidh na torthaí bailí go ceann tréimhse áirithe
ionas nach mbeidh ort na trialacha sin a dhéanamh arís. Maidir le bailíocht na dtorthaí:

- má éiríonn na trialacha réasúnaíochta leat, beidh na torthaí bailí go ceann 10 mbliana i gcás na ngrúpaí feidhme céanna nó grúpaí feidhme is ísle.

- má éiríonn na trialacha inniúlachtaí leat, beidh na torthaí bailí go ceann 5 bliana i gcás na próifíle a roghnaigh tú sna grúpaí feidhme céanna nó grúpaí feidhme níos ísle.

Mura n-éirí na trialacha leat, beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt duit an triail don ghrúpa feidhme céanna nó do ghrúpa feidhme níos airde a dhéanamh arís go ceann 6 mhí.

- Má theipeann ort sa triail inniúlachtaí, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt duit an triail don ghrúpa feidhme céanna nó do ghrúpa feidhme níos airde sa phróifíl chéanna a dhéanamh arís go ceann 6 mhí. Leanfaidh na torthaí a ghnóthaigh tú sna trialacha réasúnaíochta de bheith bailí (féach thuas).

  Na marcanna a ghnóthóidh tú sna grúpaí feidhme is airde, beidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is ísle freisin. Ar an taobh eile, na marcanna a ghnóthóidh tú sna grúpaí feidhme is ísle, ní bheidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is airde. Má éiríonn trialacha réasúnaíochta an ghrúpa feidhme is airde leat, beidh an toradh sin bailí i gcás na bpróifílí uile sa ghrúpa feidhme sin agus sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é. Má éiríonn triail inniúlachtaí an ghrúpa feidhme is airde leat, ní beidh an toradh sin bailí ach i gcás na próifíle céanna sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é.

  An toradh a gnóthófar i dtriail inniúlachtaí próifíle amháin, ní bheidh sé bailí i gcás próifíl eile.

  Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha réasúnaíochta a dhéanamh i ngrúpa feidhme níos ísle le linn na tréimhse sin. Má theipeann an triail inniúlachtaí ort, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí le haghaidh na próifíle céanna sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha inniúlachtaí na próifíle céanna a dhéanamh le haghaidh grúpa feidhme atá níos ísle ná é nó le haghaidh próifíl eile le linn na tréimhse sin.

  Chun bheith incháilithe don earcaíocht, ní mór duit pas a ghnóthú sna trialacha in dhá theanga éagsúla ar a laghad, sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é. Tá feidhm ag na riachtanais teanga IS CUMA cén cineál trialacha réasúnaíochta nó inniúlachtaí atá i gceist. Is ionann sin agus a rá nach féidir cuireadh

chun agallaimh a thabhairt duit de bhun pointe 3 den ghlao seo agus tú a earcú ina dhiaidh sin ach

- má ghnóthaigh tú pas i dtriail réasúnaíochta amháin ar a laghad agus i dtriail inniúlachtaí amháin ar a laghad sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é

AGUS

- má d'éirigh dhá cheann de na trialacha sin ar a laghad leat i dteangacha éagsúla, fiú más é an t-aon chineál amháin trialach a bhí i gceist leis an dá thriail sin (i.e. réasúnaíocht nó inniúlachtaí).

Mar shampla: d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat (agus tá do scór bailí fós, mar atá luaite thuas), ach theip triail inniúlachtaí phróifíl 1 leat. Má dhéanann tú iarratas ansin ar phróifíl 2 sa ghrúpa feidhme céanna agus an teanga ina raibh do thrialacha réasúnaíochta le haghaidh phróifíl 1 a roghnú mar theanga thriail inniúlachtaí phróifíl 2, fágfaidh sin go mbeidh ort dhá thriail phróifíl 2 (réasúnaíocht agus inniúlachtaí) a dhéanamh arís de bharr riail an dá theanga.

Chun na trialacha réasúnaíochta a phasáil, ní mór duit an pasmharc a ghnóthú sa réasúnaíocht bhriathartha agus san réasúnaíocht uimhriúil agus theibí le chéile. Ní mharcálfar na trialacha inniúlachtaí ach má d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat.

Ní gá gurb ionann an tréimhse 6 mhí a bheith istigh agus ceart a bheith agat na trialacha a dhéanamh arís. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh duit na trialacha a dhéanamh, má réamhroghnaíonn na seirbhísí earcaíochta thú don fholúntas sin nó d’fholúntas eile, agus sa chás sin amháin.

Leathanach 19, IARSCRÍBHINN III – Na rialacha ginearálta maidir le gníomhairí ar conradh a roghnú (CAST)

3.4 Bailíocht thorthaí na dtrialacha

in ionad:

Ní mharcálfar do thriail inniúlachtaí ach amháin má d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat.

Má theipeann ort sa triail inniúlachtaí, ní bheidh cead agat iad a dhéanamh arís **le haghaidh an ghrúpa feidhme chéanna nó FGníos airde** go ceann **6 mhí** (ón dáta a d'fhoilsigh EPSO na torthaí), don phróifíl chéanna. Is féidir, os a choinne sin, go réamhroghnóidh na seirbhísí earcaíochta thú chun triail inniúlachtaí a dhéanamh don phróifíl chéanna i nFGis ísle, más infheidhme, nó chun triail inniúlachtaí a dhéanamh i nFGar bith do phróifíl eile.

Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta agus inniúlachtaí leat, **tabharfar cuireadh duit trialacha earcaíochta a dhéanamh**, ar cuid díobh agallamh agus pé trialacha eile a mheasann na seirbhísí earcaíochta atá riachtanach. Is féidir go dtabharfaidh seirbhísí eile cuireadh chun agallaimh duit don phróifíl chéanna agus don ghrúpa feidhme céanna, nó FGis ísle sa phróifíl chéanna, gan fiacha a bheith ort na trialacha a dhéanamh arís.

léitear:

Ní mharcálfar do thrialacha inniúlachtaí ach má d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat.

Má theipeann ort sna trialacha inniúlachtaí, ní bheidh cead agat iad a dhéanamh arís **le haghaidh an ghrúpa feidhme chéanna nó FGníos airde** go ceann **6 mhí** (ón dáta a d'fhoilsigh EPSO na torthaí), don phróifíl chéanna. Is féidir, os a choinne sin, go réamhroghnóidh na seirbhísí earcaíochta thú chun trialacha inniúlachtaí a dhéanamh don phróifíl chéanna i nFGis ísle, más infheidhme, nó chun trialacha inniúlachtaí a dhéanamh i nFGar bith do phróifíl eile.

Na marcanna a ghnóthóidh tú sna grúpaí feidhme is airde, beidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is ísle freisin. Ar an taobh eile, na marcanna a ghnóthóidh tú sna grúpaí feidhme is ísle, ní bheidh feidhm acu sna grúpaí feidhme is airde. Má éiríonn trialacha réasúnaíochta an ghrúpa feidhme is airde leat, beidh an toradh sin bailí i gcás na bpróifílí uile sa ghrúpa feidhme sin agus sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é. Má éiríonn triail inniúlachtaí an ghrúpa feidhme is airde leat, ní beidh an toradh sin bailí ach i gcás na próifíle céanna sna grúpaí feidhme atá níos ísle ná é.

An toradh a gnóthófar i dtriail inniúlachtaí próifíle amháin, ní bheidh sé bailí i gcás próifíl eile.

Má theipeann ort sna trialacha réasúnaíochta, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha réasúnaíochta a dhéanamh i ngrúpa feidhme níos ísle le linn na tréimhse sin. Má theipeann an triail inniúlachtaí ort, ní féidir leat triail eile a dhéanamh go ceann 6 mhí le haghaidh na próifíle céanna sa ghrúpa feidhme sin ná i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é; ach féadfaidh tú trialacha inniúlachtaí na próifíle céanna a dhéanamh le haghaidh grúpa feidhme atá níos ísle ná é nó le haghaidh próifíl eile le linn na tréimhse sin.

Chun bheith incháilithe don earcaíocht, ní mór duit pas a ghnóthú sna trialacha in dhá theanga éagsúla ar a laghad, sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é. Tá feidhm ag na riachtanais teanga IS CUMA cén cineál trialacha réasúnaíochta nó inniúlachtaí atá i gceist. Is ionann sin agus a rá nach féidir cuireadh chun agallaimh a thabhairt duit de bhun pointe 3 den ghlao seo agus tú a earcú ina dhiaidh sin ach

- má ghnóthaigh tú pas i dtriail réasúnaíochta amháin ar a laghad agus i dtriail inniúlachtaí amháin ar a laghad sa ghrúpa feidhme is gá nó i ngrúpa feidhme atá níos airde ná é

AGUS

- má d'éirigh dhá cheann de na trialacha sin ar a laghad leat i dteangacha éagsúla, fiú más é an t-aon chineál amháin trialach a bhí i gceist leis an dá thriail sin (i.e. réasúnaíocht nó inniúlachtaí).

Mar shampla: d'éirigh na trialacha réasúnaíochta leat (agus tá do scór bailí fós, mar atá luaite thuas), ach theip triail inniúlachtaí phróifíl 1 leat. Má dhéanann tú iarratas ansin ar phróifíl 2 sa ghrúpa feidhme céanna agus an teanga ina raibh do thrialacha réasúnaíochta le haghaidh phróifíl 1 a roghnú mar theanga thriail inniúlachtaí phróifíl 2, fágfaidh sin go mbeidh ort dhá thriail phróifíl 2 (réasúnaíocht agus inniúlachtaí) a dhéanamh arís de bharr riail an dá theanga.

Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta agus inniúlachtaí leat, **tabharfar cuireadh duit trialacha earcaíochta a dhéanamh**, ar cuid díobh agallamh agus pé trialacha eile a mheasann na seirbhísí earcaíochta atá riachtanach. Is féidir go dtabharfaidh seirbhísí eile cuireadh chun agallaimh duit don phróifíl chéanna agus don ghrúpa feidhme céanna, nó FGis ísle sa phróifíl chéanna, gan fiacha a bheith ort na trialacha a dhéanamh arís.